An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Leanúnachas Don Treoirchomhairleoireacht

Treoirlínte do scoileanna a bhfuil tacaíocht ar líne á sholáthar acu do mhic léinn



Aibreán 2020

Clár

Treoirlínte do threoirchomhairleoireacht ar líne agus do thacaíocht duine-le-duine **3**

Réamhrá 3
Fócas na dTreoirlínte seo 5
Bealaí cumarsáide 5
Gnéithe dearfacha a bhaineann le bheith ag obair ar líne le mic léinn 6

1. Inniúlacht an treoirchomhairleora, an oiliúint atá ar fáil, agus feitheoireacht leanúnach **7**

1.1 Cleachtas ar líne mar ghné speisialta den treoirchomhairleoireacht ar líne agus seimineáir ghréasáin 7
1.2 Taithí an treoirchomhairleora 9
1.3 Sainoiliúint 10
1.4 Inniúlacht in úsáid na teicneolaíochta 11
1.5 Feitheoireacht agus tacaíocht ghairmiúil 12

2. Conarthacht agus oiriúnacht na mac léinn **13**

2.1 Measúnú ar oiriúnacht don tacaíocht ar líne 13
2.2 Toiliú an Tuismitheora agus an Mhic Léinn 14
2.3 Conradh ar líne a bhunú 15
2.4 Eolas conarthach 15

3. Saincheisteanna eile a bhaineann le bheith ag obair ar líne lena n-áirítear suíomhanna géarchéime agus ábhair imní faoi chosaint leanaí a láimhseáil **17**

3.1 Sainbhacainní a bhaineann le cumarsáid éifeachtach ar líne 17
3.2 Suíomhanna géarchéime agus sábháilteacht na mac léinn 17
3.3 Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 18
3.4 Freagracht an treoirchomhairleora maidir le heolas pearsanta a chumhdach 19
3.5 Bagairtí don slándáil 20

4. Cleachtas Idirdhlínsiúil: Cóid ghairmiúla agus dlithe **22**

4.1 Caighdeáin chuí sa chleachtas do mhic léinn a fhilleann ar chontaetha agus do thíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann 22
4.2 Árachas slánaíochta gairmiúil 23

5. RGCS – An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí **24**

5.1 Rioscaí agus sárú a d'fhéadfadh tarlú 24
5.2 Rúndacht agus cumhdaigh shlándála 25

Conclúid **27**
Tagairtí agus naisc úsáideacha **28**

Treoirlínte do threoirchomhairleoireacht ar line agus do thacaíocht duine-le-duine

Réamhrá

Tá sé mar chuspóir ag na treoirlínte sa doiciméad seo tacú go príomha le ceannairí iar-bhunscoile agus iad ag pleanáil do leanúnachas na tacaíochta treoirchomhairleoireachta ag baint úsáide as teicneolaíocht tríd an idirlíon. Tá na treoirlínte seo ann chun feasacht a ardú ar na ceisteanna casta a gcaithfear aird a thabhairt orthu sula ndéantar treoirchomhairleoireacht ar líne nó tacaíocht eile 1:1 a sholáthar. Is féidir leis na treoirlínte seo bonn eolais a chruthú freisin chun treoirlínte a fhorbairt don soláthar ar threoirchomhairleoireacht ar líne san earnáil Breisoideachais agus Oiliúna.

Cé go mbeidh tábhacht ar leith ag baint leis na pointí atá sa doiciméad seo do threoirchomhairleoirí, beidh siad ábhartha freisin do bhaill foirne eile a bhfuil teagasc agus tacaíocht foghlama 1:1 á sholáthar acu i rith COVID-19, suíomh nach bhfacthas a leithéid cheana. Tá forbairt tagtha ar na struchtúir chúram i scoileanna chun ceannairí bliana, múinteoirí oideachas speisialta, séiplínigh, monatóirí acadúla agus múinteoirí ábhar eile a bhíonn ag plé le mic léinn ar bhonn 1:1.

Tá méadú ag teacht de réir a chéile ar an soláthar tacaíochta ar líne atá in úsáid ag treoirchomhairleoirí agus léiríonn taighde sa réimse seo go mothaíonn a lán daoine go bhfuil a leithéid luachmhar agus tairbheach dóibh. Ní hionann sin agus a cheapadh gur féidir, ná gur chóir, tús áite a bheith aige seo ar an obair thraidisiúnta aghaidh ar aghaidh le mic léinn.

Tá an tAire tar éis céimeanna a mholadh chun tionchar na ndúntaí scoile reatha ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim a íoslaghdú. Tá iarrtha ar gach scoil leanúint ar aghaidh ag pleanáil ceachtanna agus, más féidir, achmhainní ar líne a sholáthar do mhic léinn nó ceachtanna ar líne má tá an trealamh chuige sin. Iarradh ar scoileanna freisin a bheith airdeallach faoi mhic léinn go mb'fhéidir nach bhfuil fáil acu ar áiseanna agus é sin a áireamh go gníomhach ina bhfreagairtí don leanúnachas oideachais. Iarrtar ar scoileanna tús áite a thabhairt don tacaíocht do ranganna scrúduithe agus iad ag ullmhú do scrúduithe Stáit.

Toisc go bhfuil an-luas go deo faoi fhorbairt na teicneolaíochta, ní féidir gach eolas a sholáthar faoi gach gné de, ná freagraí a thabhairt ar na ceisteanna go léir a d'fhéadfadh a bheith ag múinteoirí agus iad ag úsáid na teicneolaíochta. Táthar ag súil go ndéanfar cinntí ag an leibhéal áitiúil i gcomhthéacs chúinsí ar leith na scoil, na teicneolaíochta atá ar fáil, agus riachtanas na mac léinn. Is cóir do cheannairí scoile agus do threoirchomhairleoirí nádúr agus soláthar na treoirchomhairleoireachta a phlé agus a aontú don tréimhse ina mbeidh foirgnimh scoile dúnta.

Úsáidtear ‘obair ar líne’ sa doiciméad seo chun tagairt do gach modh cumarsáide lena n-áirítear teicneolaíocht dhigiteach agus eolais beag beann ar úsáid ríomhaire deisce, ríomhaire glúine, táibléid, fón cliste nó aon ghléas eile. Uaireanta tagraítear freisin don ‘obair ar líne’ mar ‘chianobair’ chun idirdhealú a dhéanamh ó bheith ag obair go fisiciúil i láthair an duine eile.

Tagraíonn Evans (2009) do mhodhanna cumarsáide ar líne sa bhfíor-am mar shioncronach, agus déantar cur síos ar chumarsáid le frithghníomhú moillithe mar asioncronach (Evans, 2009: 88, 89).

Tá an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) tar éis cúrsaí agus acmhainní ar líne a ullmhú go speisialta chun cuidiú le múinteoirí agus iad ag leanúint le teagasc agus le tacaíocht a mac léinn ar líne i rith dúntaí scoile COVID-19. Tá córais ar líne a oireann don chineál seo tacaíochta ag a lán scoileanna agus moltar do scoileanna eile cuairt a thabhairt ar láithreán na SFGM chun níos mó a fhoghlaim faoin raon leathan ardán agus aipeanna atá ar fáil. https://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Technology/

Iarrtar ar cheannairí scoile a scoileanna a choimeád ag feidhmiú mar is gnáth a mhéid agus is féidir sa saol ar líne, de réir mar a cheadaíonn na córais agus na hardáin ar líne atá acu.

Tá aitheantas agus buíochas ag dul do Chumann Comhairleoireacht agus Síciteiripe na hÉireann (CCSÉ). Rinneadh na treoirlínte i g*Cur Chuige Molta do Chomhairleoireacht agus Síciteiripe Ar Líne na CCSÉ* a oiriúnú agus in amanna rinneadh dréachtaí a chur ar fáil sa doiciméad seo.

Tá aitheantas agus buíochas ag dul don fhoireann ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO) don tacaíocht ghairmiúil agus leanúnach a chuireann siad ar fáil don Roinn agus do Threoirchomhairleoirí. Tacóidh na naisc eolais agus na seimineáir ghreasáin éagsúla a luaitear sa doiciméad seo le treoirchomhairleoirí treoirchomhairleoireacht éifeachtach a sholáthar ar líne.

Fócas na dTreoirlínte seo

Is iad seo a leanas na príomhréimsí fócais sna treoirlínte seo:

1. Inniúlacht an treoirchomhairleora, an oiliúint atá ar fáil, agus feitheoireacht leanúnach
2. Conarthaí, toiliú agus oiriúnacht na mac léinn
3. Saincheisteanna a bhaineann le bheith ag obair ar líne
4. Gnéithe gairmiúla agus dlithiúla agus ceisteanna faoi dhlínsí
5. RGCS – Rúndacht agus slándáil
6. Prótacail don slándáil agus ardáin chuí chun slándáil agus mí-úsáid a dheimhniú

Bealaí cumarsáide

Is é cuspóir an doiciméid seo ná treoracha a ofráil don dea-chleachtas i roinnt sainréimsí agus sainchomhthéacsanna. Ina measc tá:

- Treoirchomhairleoireacht ar an nguthán nuair is éard a bhíonn i gceist ná comhrá ó bhéal idir an scoláire agus an treoirchomhairleoir, agus é seo ag tarlú sa bhfíor-am

- Ríomhphost: Cumarsáid phríobháideach i scríbhinn idir an scoláire agus an treoirchomhairleoir ina mbíonn moill leis an bhfreagra. Is féidir leis an scoláire nó an treoirchomhairleoir teachtaireachtaí a chumadh agus a sheoladh ag aon am

- Feidhmchláir ghutha cineálacha: Cumarsáid trí chomhrá a tharlaíonn sa bhfíor-am tríd an idirlíon

- Feidhmchláir fhiseán cineálacha: Comhrá gutha agus físigh a tharlaíonn sa bhfíor-am tríd an idirlíon

- Teachtaireachtaí meandracha: Clár sa bhfíor-am a thugann le fios nuair a bhíonn teagmhálacha ar líne. Faightear ar an toirt na teachtaireachtaí a scríbhtear mar fhreagra

- Fóraim: Cumarsáid phríobháideach mhoillithe agus mic léinn ag úsáid bógábhar ríomh-mheáin

Gnéithe dearfacha a bhaineann le bheith ag obair ar líne le mic léinn

Oireann an tacaíocht ar líne do roinnt mac léinn agus is maith lena lán mac léinn freisin an tsolúbthacht a bhaineann le cúrsaí ama. Cuideoidh an tacaíocht ar líne go mór le roinnt mac léinn le dúshláin bhreise, ina measc aonrú, míchumas nó iad siúd atá gafa leis an scaradh sóisialta.

Tá sé i gceist go bhfreastalóidh na treoirlínte seo ar raon ceisteanna a bhaineann go sonrach leis an gciantheicneolaíocht agus le soláthar tacaíochta. Níl sé i gceist a thabhairt le fios gur fearr an modh soláthair seo ná an teagasc agus an treoirchomhairleoireacht thraidisiúnta aghaidh ar aghaidh.

1. Inniúlacht an treoirchomhairleora, an oiliúint atá ar fáil, agus feitheoireacht leanúnach

1 .1 Cleachtas ar líne mar ghné speisialta den Treoirchomhairleoireacht

Moltar go mbainfeadh treoirchomhairleoirí leas as an oiliúint atá ar fáil sa sainréimse seo den treoirchomhairleoreacht roimh tús a chur leis an gcineál seo oibre, más rud nua é dóibh. Moltar do threoirchomhairleoirí uas-sciliú a mhéid agus is féidir leo sa ról atá acu don úsáid ar líne i gcórais scoláiochta, don chianfhoghlaim agus d'fheidhmchláir chumarsáide. Tá teagasc oiliúna ar líne ar fáil ar láithreáin ghréasáin na SFGM agus an LNTO (féach thíos).

Cuireann an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO), gníomhaireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna, acmhainní ar fáil chun tacú le dea-chleachtas agus FGL do threoir-chomhairleoirí atá ag obair sna hearnálacha iar-bhunoideachais agus breisoideachais agus oiliúna.

Is féidir le treoirchomhairleoirí cuairt a thabhairt ar na láithreáin ghréasáin atá ag comhlachtaí gairmiúla áitiúla agus idirnáisiúnta eile inar féidir leo ailt a léamh faoi chomhairleoireacht ar líne agus faoi chianthacaíocht a sholáthar (Féach na tagairtí).

Tá sé tábhachtach gur cosúil go n-éiríonn níos fearr le roinnt de na samhlacha tacaíochta ar líne ná mar a éiríonn le roinnt eile, agus ciallaíonn sé seo gur chóir na teorainneacha a bhaineann leis an suíomh atá ag gach treoirchomhairleoir ar leith a chur san áireamh go mór sula ndéantar cinneadh dul i mbun oibre ar an tslí seo.

Ní mór sonraí sonracha agus ábhartha a thabhairt do mhic léinn faoi mhodhanna oibre an treoirchomhairleora agus faoi na torthaí a mbeifear ag súil leo má leantar leis seo.

FGL ar líne agus seimineáir ghréasáin

SFGM
Tá cúrsaí agus acmhainní ar líne ullmhaithe go speisialta ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) chun cuidiú le múinteoirí agus iad ag leanúint le teagasc agus le tacaíocht a mac léinn ar líne i rith dúntaí scoile COVID-19.

Acmhainní cianfhoghlama https://www.pdst.ie/DistanceLearning

Teicneolaíocht san oideachas https://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Technology/

LNTO
Tá acmhainní úsáideacha forbartha agus eagraithe ag LNTO, ina measc ailt, seimineáir ghréasáin taifeadta agus nótaí eolais treoirchomhairleoireachta don chianthacaíocht agus do thacaíocht ar líne.

Príomhleathanach Tacaíochta
https://www.ncge.ie/covid-19/support

Leathanach Tacaíochta Iar-Bhunscoile
https://www.ncge.ie/covid-19/support/post-primary

Rannóg Acmhainní Iar-Bhunscoile (Covid-19)
https://www.ncge.ie/covid-19/support/post-primary/resources

Sa chuid seo tá fáil (i measc acmhainní eile) orthu seo a leanas:

- *LNTO Eolas Tacaíochta do Threoirchomhairleoirí i Scoileanna: Dúntaí 2020 COVID – 19 (Doiciméad PDF)*
- *Léiriú a ghabhann leis an doiciméad Treoirlínte ROS & Eolas LNTO do Scoileanna (Físeán)*
- *Feitheoireacht: Eolas d'Fheitheoirí agus do Threoirchomhairleoirí (Doiciméad PDF)*
- *Polasaí Rúndachta a Fhorbairt d'Iar-Bhunscoileanna (Teimpléad PDF ar féidir a oiriúnú)*
- *Teimpléid Thaifid do Chruinnithe Treoirchomhairleoireacht a Duine-le-Duine le Mic Léinn (Teimpléad PDF ar féidir a oiriúnú)*
- *'An Introduction to Technology Enhanced Guidance' (Taifead ar Sheimineár Gréasáin)*
- *'Telephone and Remote Platform Approaches to Career Development' (Taifead ar Sheimineár Gréasáin)*

D'fhéadfadh siad seo a leanas a bheith úsáideach do threoirchomhairleoirí nuair a bhíonn an treoirchlár oiriúnaithe á phleanáil acu.

Lámhleabhar scoile um threoir https://www.ncge.ie/school-guidance-handbook

Lámhleabhar Breisoideachais agus Oiliúna https://www.ncge.ie/FET-guidance-handbook

Tá fáil ar fhoireann LNTO do cheisteanna faoi bhainistíocht scoile nó treoirchomhairleoir. Is iad na sonraí teagmhála ná:

Fón: + 353 1 8690715

Ríomhphost: ncgeinfo@ncge.ie

https://www.ncge.ie/contact-us

1.2 Taithí an treoirchomhairleora

I ngeall ar raon na gceisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag mic léinn sna seisiúin ar líne, tá taithí agus oiliúint thar a bheith riachtanach dóibh siúd ar mian leo a bheith ag obair le scoláirí sa chomhthéacs seo. I gcóras oideachais na hÉireann, is samhail iomlánaíoch í soláthar na treoirchomhairleoireachta. Tá sé luaite san Acht Oideachais (1998) Alt 9c go n-úsáidfidh scoil na hacmhainní atá acu le cinntiú go mbeidh fáil ag mic léinn ar threoir chuí le cabhrú leo lena roghanna oideachais agus gairme.

Tagraíonn treoir i scoileanna do "réimse eispéireas foghlama a soláthraítear in ord forbartha a chabhraíonn le daltaí scileanna féin-bhainistíochta a fhorbairt a mbeidh sé mar thoradh orthu roghanna agus cinntí éifeachtacha a dhéanamh ar a saolta. Cuimsítear trí réimse atá scartha, ach idirnasctha, is iad sin forbairt phearsanta agus shóisialta, treoir oideachais agus gairmthreoir." (ROS, 2005, lch. 4).

Nuair a bhíonn an soláthar tacaíochta ar líne 1:1 á phleanáil, meabhraítear do threoirchomhairleoirí smaoineamh ar an gcothromaíocht is gá idir tacú le réimsí imní oideachais, gairme, sóisialta agus pearsanta na mac léinn.

Is cóir do chomhairleoirí na Cóid Eitice gairmiúla a leanúint, teorainneacha gairmiúla a aithint agus cúram a ghlacadh gan na teorainneacha a bhaineann lena ról mar threoirchomhairleoir a shárú. Baineann an prionsabal seo le modhanna teicneolaíochta don obair le mic léinn, díreach mar a bhaineann sé le modhanna eile, níos traidisiúnta.

Tá an leibhéal céanna saineolais agus tiomantais tuillte don tacaíocht ar líne do mhic léinn agus a bhaineann leis an tacaíocht aghaidh ar aghaidh. Dá réir sin, tá sé de dhualgas ar mhúinteoirí agus ar an treoirchomhairleoir a bheith eolasach faoi na gnéithe rialála, lena n-áirítear cosaint sonraí, nósanna imeachta scoile, rúndacht, agus mic léinn a chur ar an eolas futhu seo.

1.3 Sainoiliúint

Bíonn gá le hinniúlacht i scileanna TEC, agus tuiscint ar an tslí ina ndéantar sonraí agus eolas leictreonach a stóráil, mar aon le feasacht ar na riachtanais eiticiúla agus dlithiúla do sholáthar seirbhíse, chun obair go héifeachtach ar líne.

Tá inniúlacht faoi eolas leictreonach a chothabháil agus taifid na mac léinn a choimeád slán ríthabhachtach don tacaíocht ar líne. Is bunchodanna den obair ar líne iad an tslándáil agus an rúndacht, agus is cóir do threoirchomhairleoirí a bheith cumasach sna scileanna riachtanacha ionas nach gcuirtear iad i gcontúirt go deo.

Seo a leanas achoimre ar na nithe riachtanacha eile atá le cur san áireamh:

• Toisc nach bhfuil amharc-chomharthaí ná éist-chomharthaí i gceist le ríomhphoist, eascraíonn deacrachtaí áirthe nach mbaineann le tacaíocht aghaidh ar aghaidh le mic léinn, agus bíonn gá ag an treoirchomhairleoir scileanna agus oiliúint bhreise a fhorbairt sa chomhthéacs sin

• Tuiscint ar neamh-chúthaileacht agus ró-fhaisnéisiú. In amanna nochtann mic léinn eolas agus mothúcháin go han-tapa ar líne. Ní mór do threoirchomhairleoirí na dinimic a bhaineann le freagairt den chineál seo a thuiscint ionas gur féidir oibriú go héifeachtach le mic léinn a léiríonn a leithéid

• Soiléiriú mar chúnamh don tuiscint. Ionas gur féidir botúin nó míthuiscintí a ofráil, is cóir do threoirchomhairleoirí an tábhacht a bhaineann le soiléiriú breise a thuiscint nuair a bhíonn siad i dteagmháil le scoláirí ar ríomhphost nó ar an nguthán

• Tusicint ar fhantaisíocht agus ar ídéalú ag an mac léinn ar an treoirchomhairleoir (a d'fhéadfadh a bheith anghrách nó rómánsúil) agus a eascraíonn ón aistriú agus teilgean méadaithe a thagann le tacaíocht ar líne

• Conas leanúint ar aghaidh nuair a 'chaillteart' mac léinn mar thoradh ar sheoltaí ríomhphoist nó sonraí teagmhála a athrú

• An tábhacht a bhaineann le béasaíocht Idirlín – nó na rialacha a bhaineann le béasaíocht idirlín, agus an bhaint atá aige seo le teachtaireachtaí agus freagraí a phostáil ar líne

• Conas 'láithreacht' freagrach a chothabháil ar líne, go háirithe mar a bhaineann le sonraí pearsanta an treoirchomhairleora a d'fhéadfadh an duine aonair nó an ghairm a chur i gcontúirt

• Smaoinigh ar na himpleachtaí eiticiúla níos leithne a bhaineann le bheith ag obair ar líne, go háirithe mar a bhaineann le déchaidrimh a ghríosú le micléinn trí shuíomhanna líonraí sóisialta. Cloígh le polasaí na scoile mar a bhaineann le húsáid inghlactha na láithreán seo.

• Is cóir gach eolas a sholáthraítear ar láithreán gréasáin na scoile, an chuid sin a bhaineann le treoirchomhairleoireacht san áireamh, a bheith soiléir, gan débhrí agus suas chun dáta.

1.4 Inniúlacht in úsáid na teicneolaíochta

Tá sé mar fhreagracht ar bhainistíocht na scoile a dheimhniú go mbíonn an teicneolaíocht a cheadaítear don úsáid i scoileanna slán agus oiriúnach don fheidhm. Áirítear a dheimhniú go mbíonn bogábhair frithvíreas, balla dóiteáin, criptiúcháin agus blocála turscair i bhfeidhm. Ciallaíonn sé freisin uirlisí teicneolaíochta eile a bhfuil gá leo a chothabháil go leanúnach ionas gur féidir iad a úsáid go slán le mic léinn. Is cóir mic léinn a chur ar an eolas freisin faoi riachtanais an chórais agus foláireamh a thabhairt dóibh faoi na rioscaí a bhaineann le teipeadh teicneolaíochta agus an tslí le cosaint a chruthú ina choinne sin. Mar nós imeachta tosaigh i gcoinne an mheasúnaithe, is cóir gach eolas a thabhairt do mhic léinn chun bagairtí ar a bpríobháideachas a chosc agus a sábháilteacht ar líne a dheimhniú. Chlúdódh an t-eolas seo do mhic léinn:

• An tábhacht a bhaineann le ríomhaire pearsanta a úsáid ina bhfuil balla dóiteáin agus cosaint frith-víreas suiteáilte

• An tábhacht a bhaineann le criptiúchán, más féidir, ionas go mbíonn an t-eolas a fhaightear faoi rún

• An gá le cosaint phasfhocail chun an ríomhaire agus an cuntas ríomhphoist a rochtain

• Seoladh agus glacadh ríomhphoist a sheachaint ag pointí Wi-Fi muna mbítear cinnte go bhfuil an ceangal slán

• An seoladh ‘to’ a sheiceáil sula gcliceáiltear ‘send’

Más féidir, is cóir córas ar líne na scoile a úsáid don phleanáil, sceidealú agus soláthar ar chruinnithe 1:1. Má tharlaíonn nach bhfuil ardán ar líne a thacódh le cruinniú fíorúil duine-le-duine ag feidhmiú i scoil d’fhéadfaí, mar shampla, córais “Skype,” “Microsoft Teams” nó “Google” a fhiosrú don chuspóir seo (tá eolas breise faoi úsáid a leithéid d’ardáin ar fáil ó LNTO). Is cóir RGCS agus slándáil ar shonraí pearsanta a mheas, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le sonraí atá á bhainistiú nó á stóráil lasmuigh den AE. Is cóir faomhadh bhainistíocht na scoile a fháil d’aon chinneadh ar chóras a úsáid atá lasmuigh de ghnáthardán na scoile.

1.5 Feitheoireacht agus tacaíocht ghairmiúil

Tá dualgas ar threoirchomhairleoirí a dheimhniú go mbíonn feitheoireacht chuí á dhéanamh ar a gcuid oibre ar bhealach a thacóidh leis an obair atá á dhéanamh acu ar líne le mic léinn.

Is cóir aird a thabhairt ar an tslí ina ndéantar feitheoireacht ar threoirchomhairleoirí agus d'fhéadfadh gur rogha a bhíonn ann idir feitheoireacht aghaidh ar aghaidh agus feitheoireacht ar líne. Faoi láthair níl aon chomhaontú soiléir ar an gceann is fearr, cé gur cosúil gur fearr a oireann an fheitheoireacht ar líne mar go léirítear próisis chomhthreomhara agus dinimicí tábhachtacha eile nuair a bhíonn an treoirchomhairleoir agus an feitheoir ag obair sa mheán céanna.

Tacófar le treoirchomhairleoirí atá gafa le soláthar treoirchomhairleoireacht 1-1 trí shamhail ghrúp-fheitheoireachta ar líne. Tá eolas breise sa doiciméad iniata - *litir ó Ionad Oideachais Mhuineachán.*

Tacófar le feitheoirí lena chinntiú go mbíonn tuiscint chuimsitheach acu ar ról an treoirchomhairleora agus ar na ceisteanna uile, teoiriciúil agus praiticiúl araon, a mbíonn tionchar acu ar obair an treoirchomhairleora le mic léinn ar líne. Tuigfidh comhairleoirí freisin go mbeidh gá acu le leibhéal cumais agus saineolais chun tacú leis an obair ar líne le mic léinn.

Bíonn brúnna a bhaineann go huathúil leis an obair ar líne le mic léinn, agus dá réir sin moltar do threoirchomhairleoirí breathnú ar a bhféinchúram pearsanta mar thosaíocht bailí agus mar réamhriachtanas riachtanach chun cleachtas sábháilte a chothabháil le mic léinn. I measc nithe eile, clúdáionn féinchúram a chothabháil (agus cleachtas sábháilte dá réir sin), a bheith feasach faoi theorainneacha, go háirithe mar a bhaineann leis an treoirchomhairleoir a bheith ar fáil agus ag freagairt do scoláirí. Is cóir do threoirchomhairleoirí a bheith ar an eolas freisin faoi na treoirlínte don fheitheoireacht mar atá ina gCód Eitice, ina ndéantar cur síos ar na freagrachtaí atá ar an bhfeitheoir agus ar an duine atá faoi fheitheoireacht araon.

2. Conarthacht agus oiriúnacht na mac léinn

2.1 Measúnú ar oiriúnacht don tacaíocht ar líne

Tá dualgas ar scoileanna treoirlínte a leanúint chun mic léinn atá oiriúnach do theagmháil ar líne (agus ar dócha go mbeidh tairbhe le fáil acu as) a aithint. B'fhéidir nach bhfuil an leibhéal litearthacht ríomhairí is gá ag roinnt mac léinn chun tairbhe a fháil ón tacaíocht ar líne, agus b'fhéidir go bhfuil mic léinn eile nach bhfuil na scileanna cumarsáide agus an litearthacht go ginearálta acu a bhfuil gá leo don mheán seo.

B'fhéidir go dtabharfaí tús áite do ghrúpaí nó do mhic léinn aonair. Is cóir cinntí maidir le tacaíocht shóisialta phearsanta a dhéanamh i gcomhairle le bainistíocht na scoile agus le foireann tacaíochta na mac léinn de réir ghnáthnósanna imeachta na scoile don tarchur. Is é an barrchleachtas ná Treoirlínte SNSO a leanúint maidir le feidhmiú Foirne Tacaíochta na Mac Léinn a chuimsíonn teimpléid ar féidir úsáid a bhaint astu mar chuid de na nósanna imeachta foirmeálta um tarchur.

https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/Student-Support-Teams-in-Post-Primary-Schools.pdf

B'fhéidir go n-áireofaí sna spriocghrúpa mic léinn na séú bliana, nó aon ghrúpa mac léinn eile a aithníonn bainistíocht na scoile agus an treoirchomhairleoir. Mar shampla, d'fhéadfadh scoileanna cinneadh a dhéanamh go mbeadh mic léinn na hIdirbhliana, nó mic léinn na tríú bliana a bhfuil cinntí tábhachtacha á dhéanamh acu faoi roghanna ábhar agus clár, i measc na ngrúpaí tosaíochta.

B'fhéidir nach mbeadh buntáiste sa soláthar ar líne ach aon oiread do scoláirí a bhfuil rochtain theoranta acu ar thacaíocht ar líne, mar thoradh ar mhíchumas. Más cosúil gur dócha nach mbeidh buntáiste ag mic léinn ionchasacha ón gcur chuige seo, is cóir nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun cúnamh cuí a sholáthar más aithnítear tacaíocht de chineál eile. Baineann sé seo le mic léinn a d'fhéadfadh, mar shampla, a bheith i mbaol féindochair no dochar do dhaoine eile, nó iad siúd go sáraíonn na cúinsí géarchéime atá acu leibhéal inniúlachta an treoirchomhairleora.

Is cóir do threoirchomhairleoirí a bheith réalaíoch faoin leibhéal cumais atá acu féin nuair a bhíonn breithmheas á dhéanamh acu ar mhic léinn don tacaíocht ar líne. Is cóir a mholadh do mhic léinn le gnéithe tromchúiseacha sláinte mheabhrach acu, síocóis, tráma nó dian-neamhord pearsantachta gur gá dóibh tacaíocht ghairmiúil chuí de chineál eile a rochtain. Caithfidh scoileanna leanúint orthu ag cloí lena ngnáthpholasaithe agus a ngnáthchleachtas maidir leis an tarchur go gníomhaireachtaí seachtracha; baineann sé seo freisin leis an 'scoil ar líne' díreach mar a bhaineann nuair a bhíonn scoileanna ag gnáthfheidhmiú.

2.2 Toiliú an Tuismitheora agus an Mhic Léinn

Chun treoirchomhairleoireacht 1-1 agus tacaíochtaí scoile a sholáthar, agus maidir leis an aois agus acmhainn chun toilliú eolasach a thabhairt le páirt a ghlacadh ina leithéid de thacaíochtaí 1-1, tá an dualgas ar phearsana na scoile iarrachtaí réasúnta a dhéanamh le hiad a dhearbhú. Go hídéalach, caithfear tuismitheoirí a chur ar an eolas nuair a bhíonn mic léinn faoi bhun 18 mbliana d'aois tar éis treoir 1:1 a rochtain ar líne, tacaíocht nó teagasc 1:1[1]. Féach an fonóta do mhíniú níos iomláine ar thoilliú agus ar chosaint sonraí.

Beidh ar bhainistíocht na scoile a chur in iúl do gach tuismitheoir go bhfuil tacaíocht ar líne 1:1 ar fáil. Is féidir an chumarsáid is fearr leis an scoil a úsáid (i.e. téacs, ríomhphost, litir nó córas eile) chun tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin tslí ina ndéanfaidh treoirchomhairleoirí agus múinteoirí cumarsáid le mic léinn ar líne chun tacaíocht 1:1 a sholáthar. Caithfear mic léinn a chur ar an eolas freisin go bhfuil an rogha acu tarraingt siar as tacaíocht treoirchomhairleoireachta 1-1 ag aon am. Is cóir treoracha soiléire a sholáthar do mhic léinn ar an tslí ina ndéantar é seo.

Toisc nádúr na rúndachta a bhaineann leis an bplé, is cóir don bhainistíocht scoile, i gcomhpháirt leis an treoirchomhairleoir, gach iarracht a dhéanamh lena dheimhniú go mbíonn cumhdaigh chuí i bhfeidhm chun slándáil, rúndacht agus príobháideacht na seisiúin 1-1 seo a chosaint.

[1] Toisc gur í an scoil an Rialaitheoir Sonraí, is féidir le bainisteoirí scoile cead tuismitheoirí aonair a fháil chun tacaíochtaí 1-1 ar líne a fháil, ach níl a leithéid riachtanach. Éilíonn an tAcht um Chosaint Sonraí na hÉireann (2018) réamhthoiliú tuismitheora do leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois chun 'seirbhísí na sochaí faisnéise' (m.sh. cuntais chumarsáide ar líne, seirbhísí ríomhphoist nó ar líne) a úsáid, ach tá eisceachtaí ar leith má tá seirbhísí coisctheacha nó comhairleoireachta á éileamh ag an leanbh: "Alt 31: (1) The age of a child specified for the purposes of Article 8 [the requirement for prior parental consent] is 16 years of age. (2) For the purposes of the application of Article 8 in the (Irish) State, the reference in that Article to "information society services" does not include a reference to preventative or counselling services." Dá bhrí sin, má bhíonn leas á bhaint ag an mac léinn as *seirbhísí treoirchomhairleoireachta ar líne*, níl gá le réamhchead an/na dtuismitheoirí.

2.3 Conradh ar líne a bhunú

Caithfidh mic léinn ionchasacha ar líne sonraí áirithe a bheith acu, eolas réamh-sheisiún agus ceisteanna conarthacha san áireamh, agus is cóir iad seo a bheith ar fáil ar láithreán gréasáin an treoirchomhairleora/na scoile. Ina theannta sin, is cóir an t-eolas seo a mhacshamhlú ar ríomhphost nuair a bhíonn an chumarsáid idir an mac léinn agus an treoirchomhairleoir bunaithe.

Is féidir le mic léinn na sonraí tosaigh, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha, a scanáil go tapaidh ar láithreán gréasáin gan na sonraí a thuiscint go hiomlán, agus beidh gá dá réir le hiad a chur ar an eolas arís. Chun míthuiscint a sheachaint, is cóir an teanga a bhíonn in úsáid don eolas seo a bheith soiléir agus gan débhrí. Cuidíonn sé le míthuiscintí nó easaontú a laghdú idir an mac léinn agus an treoirchomhairleoir nuair a bhunaítear conradh ar líne agus bíonn sé sin mar phointe tagartha má eascraíonn coimhlint nó míthuiscint le linn na tréimhse tacaíochta.

Is cóir céimeanna a ghlacadh sa réamhphlé lena dheimhniú go mbíonn na t-eolas ó mhic léinn ar aon dul lena mbíonn le fáil aghaidh ar aghaidh. Is féidir measúnachtaí síciméadracha agus trialacha treoir-ábhartha eile a dhéanamh le ceistneoir ar líne nó trí chumarsáid phearsanta nó an dá rud.

2.4 Eolas conarthach

Bíonn an conradh, ina ndéantar an comhaontú idir an mac léinn agus an treoirchomhairleoir a rianadh, mar bhonn leis an gcaidreamh. Cuirtear eolas ar fáil ann don mhac léinn a thuigfidh ansin céard a bheidh le tarlú. Leagtar amach ann na teorainneacha a bhaineann leis an gcaidreamh tacaíochta agus tá sé i gceist go ndeimhneodh sé go dtuigeann an mac léinn an tslí ina mbeidh an treoirchomhairleoir ag obair. Ní cóir don chomhairleoir uimhreacha gutháin pearsanta a thabhairt amach. Is féidir uimhreacha fóin phóca scoile agus seoltaí ríomhphoist a roinnt.

Is cóir seoltaí ríomhphoist scoil-bhunaithe a úsáid más féidir. Muna mbíonn seoltaí ríomhphoist scoilbhunaithe ag mic léinn, is cóir úsáid seoltaí ríomhphoist pearsanta a phlé le bainistíocht na scoile. Má bhíonn a leithéid inghlactha, caithfear faomhadh tuismitheoirí/ caomhnóirí a fháil d'úsáid na ríomhphost pearsanta. Is cóir do bhainsitíocht na scoile treoirlínte téagartha a fhorbairt a léiríonn an úsáid chuí agus na teorainneacha a bhaineann le ríomhphoist phearsanta a úsáid.

Seo a leanas sainghnéithe ar leith ar chóir iad a chur san áireamh nuair a bhítear ag obair ar líne:

• Eolas faoin tslí le bheith ag obair ar líne. An ndéantar é seo go sioncronach nó go haisioncronach? An dtarlaíonn sé ar ríomhphost, ar an nguthán nó ar ar fhís-ardán?

• Sonraí faoi sheisiún a chur in áirithe, dátaí agus amanna teagmhála, mar aon le hamanna don fhreagairt ón treoirchomhairleoir don mhac léinn. An méid ama do gach seisiún. An gcuirfear tacaíocht ar fáil le linn gnáth-am an lae agus an leanfar an gnáth chlártráth/sceideal?

• Sonraí slándála don rúndacht

• Freagracht an mhic léinn maidir le hábhar atá i dtaisce go leictreonach nó priontáilte a cuireadh chuig nó a fuarthas ón treoirchomhairleoir

• An creat eiticiúil no an cód eitice lena gcloífear

• Cad is féidir a bheith ag súil leis go réadúil ón mac léinn agus cad is féidir a bhaint amach?

• Cad is cóir a dhéanamh mar tharlaíonn teip nó cás éigeandála sa teicneolaíocht, agus cé na bealaí teagmhála eile atá ann?

• Cé na socruithe atá ann duit féin nó don mhac léinn má éiríonn ceachtar agaibh tinn?

• An difríocht idir cumarsáid a úsáideadh chun socruithe praiticiúla a dhéanamh agus ábhar na seisiún tacaíochta. Mar shampla, fón póca a úsáid chun coinnithe a dheimhniú nó a chur ar ceal, ach ní do chumarsáid pearsanta nó rúnda

• Polasaí maidir le ceangaltáin ríomhphoist a chur nó a fháil agus úsáid na n-acmhainní teicneolaíochta lena n-áirítear blogáil agus fóraim phoiblí

• Nósanna tarchurtha ginearálta agus nósanna imeachta i gcás éigeandála nó géarchéime agus an cúnamh breise atá ar fáil i gcás éigeandála nó géarchéime

• An áit ina bhfuil an chomhairle ag tarlú a mheas agus an reachtaíocht ábhartha a bhaineann leis seo

3. Saincheisteanna eile a bhaineann le bheith ag obair ar líne lena n-áirítear suíomhanna géarchéime agus ábhair imní faoi chosaint leanaí a láimhseáil

3.1 Sainbhacainní a bhaineann le cumarsáid éifeachtach ar líne

Nuair a bhítear ag obair le mic léinn ar ríomhphost bíonn na leideanna labhartha agus amhairc in easnamh, agus ní mór do threoirchomhairleoirí a bhíonn ag obair mar seo é sin a mheabhrú agus iad ag obair le mic léinn.

Baineann na teorainneacha céanna le treoirchomhairleoireacht ar an bhfón sa mhéid is go gcuirtear na leideanna neamhlabhartha agus na leideanna amhairc i gcontúirt. Ciallaítear dá réir gur réamhriachtanais ríthábhachtacha iad scileanna éisteachta ardfhorbartha do threoirchomhairleoirí a bhíonn ag obair le treoirchomhairleoireacht chianda den chineál seo.

Ní mór do threoirchomhairleoirí tuiscint a bheith acu ar a d'fhéadfadh a bheith i gceist le stadanna sa chaint nó athruithe tuine, mar shampla. Bíonn breithniúcháin den chineál seo níos tabhachtaí fós i gcomhthéacs na héagsúlachta agus na hilghnéitheachta a bhaineann le mic léinn.

3.2 Suíomhanna géarchéime agus sábháilteacht na mac léinn

Tá sábháilteacht na mac léinn fíorthábhachtach i gcomhthéacs na tacaíochta ar líne, agus is cóir do threoirchomhairleoirí dul i ngleic leis seo ón tús trí shonraí do tharchur géarchéime a chur ar láithreán greasáin nó ar leathanach baile na scoile.

Tá roinnt eagraíochtaí ann chun cúnamh a thabhairt do dhaoine sa phobal atá i ngéarchéim, lena n-áirítear na Samaritans agus Pieta House. Tá liosta freisin ar **HSE.ie** do sheirbhísí dochtúra lasmuigh de ghnáthuaireanta go náisiúnta, agus iad ar fáil i gcás géarchéime.

https://www.hse.ie/eng/services/list/2/gp/out-of-hours-services/

Cuireann an t**Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO**) tacaíocht ar fáil do scoileanna agus tá comhairle agus acmhainní forbartha acu chun tacú le daoine óga fanacht sláintiúil fad a bhíonn scoileanna dúnta.

https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/NEPS-Home-Page.html

Agus iad ag leanúint gnáthnósanna imeachta na scoile, is í freagracht an treoirchomhairleora mic léinn a tharchur chuig gairmeoirí eile atá cáilithe go cuí nuair is cóir a leithéid a dhéanamh. Baineann an dualgas cúraim seo chomh maith céanna leis an obair ar líne le mic léinn, agus ní mór do threoirchomhairleoirí atá ag obair ar líne dóthain oiliúna a bheith acu sa mheán seo lena thuiscint go bhfuil gá ag mac léinn atá i ngéarchéim le cóireáil leighis, glacadh isteach san ospidéal nó fiú idirghabháil an Gharda/na bpóilíní. Is cóir réamheolas a thabhairt do mhic léinn a bheidh ar líne faoi na nósanna imeachta i gcás géarchéime, agus suíomhanna ina bhféadfadh gá a bheith lena leithéid.

3.3 Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna

Cuireann ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0081/2017 (foilsithe ar 11 Nollaig, 2017) in iúl d'údaráis bhainistíochta scoile go bhfuil na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanái do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017 forbartha agus foilsithe mar thoradh ar chomhairliúchán fairsing leis na páirtnéirí oideachais.

Is é cuspóir ag na nósanna imeachta treoir agus comhairle shoiléir a sholáthar d'údaráis scoileanna agus do phearsana scoileanna chun na dualgais reachtula faoin Acht um Tús Áite do Leanaí, 2015 a chomhlíonadh agus chun barrchleachtas a dheimhniú go leanúnach do na treoracha san leagan uasdátaithe Leanaí ar dTús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017.

Baineann na nósanna imeachta le gach bunscoil agus iar-bhunscoil aitheanta agus le gach ball de phearsana na scoile.

Tuairisciú go TUSLA (Child and Family Agency) ag baint úsáide as Tairseach Tusla:

Ó foilsíodh na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna, tá Tairseach slán ar líne curtha i bhfeidhm ag Tusla chun ábhair imní faoi chosaint leanaí a thuairisciú. Cruthaíonn an Tairseach deis don tuairisceoir cóip den tuairisc a phriontáil. Dá réir sin, nuair a bhíonn ábhar imní á thuairisciú do TUSLA faoi na Nósanna Imeachta seo, is cóir Tairseach Tusla a úsáid nuair is féidir.

Nuair a bhíonn an tuairisc curtha isteach trí Thairseach Tusla, caithfear cóip den tuairisc a phriontáil agus a choinneáil i gcomhréir le riachtanais na Nósanna Imeachta.

Tá tuilleadh eolais faoi úsáid an tairsí ar fáil ag: https://www.tusla.ie/children-first/web-portal/

Tá fáil ar dhoiciméid/theimpléid (14 san iomlán) do scoileanna le húsáid nuair a bhíonn na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí á fheidhmiú. Is cóir do bhainistíocht scoileanna,

más indéanta, measúnú riosca a dhéanamh sula gcuirtear an soláthar treoirchomhairleoireachta 1:1 ar líne ar fáil.

https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Child-Protection/child_protection_guidelines.pdf

3.4 Freagracht an treoirchomhairleora maidir le heolas pearsanta a chumhdach

Mar aon le láithreáin líonraithe shóisialta agus blaganna, cuimsítear ar an idirlíon iliomad féidearthachtaí chun próifílí pearsanta agus an t-eolas atá iontu sin a rochtain. Dá bhrí sin, ní mór do threoirchomhairleoirí a bheith san airdeall go bhfuil teacht ag mic léinn agus ag mic léinn ionchasacha ar phróifílí poiblí agus ar an eolas atá ar na láithreáin ghréasáin seo.

Is cóir do threoirchomhairleoirí aird a thabhairt freisin nach bhfuil smacht acu ar eolas pearsanta a bhíonn scríofa fúthu. D'fhéadfadh cuid de seo a bheith bainteach lena saolta pearsanta mar aon lena saolta gairmiúla agus is féidir le haon duine ar spéis leo é seo a rochtain. D'fhéadfadh go mbeadh an t-eolas á lorg ag mic léinn mar aon le comhghleacaithe eile. Ina fhianaise seo, is cóir do threoirchomhairleoirí a dheimhniú go mbíonn aon eolas pearsanta, ar féidir leis an bpobal é a rochtain, gairmiúil amach is amach agus dtairgíonn sé droch-cháil ar an treoirchomhairleoir ná ar ghairm na múinteoireachta. Chun láithreacht fhreagrach ar líne a cothabháil, caithfear polasaithe a bheith ann chun plé, mar shampla, le hiarratais ó scoláirí do theagmháil ar láithreáin ghréasáin ar nós Facebook, LinkedIn, srl. Tá polasaithe ann do chásanna eile freisin lena n-áirítear:

• Mac léinn a dhéanann blagáil faoin treoirchomhairleoir agus a thugann sonraí faoin seisiún

• Mac léinn a léiríonn tuairimí nó a chuireann tráchtaireacht ar bhlag an treoirchomhairleora

• Mac léinn a chrochann ráitis díspreagúla faoin treoirchomhairleoir

• Mac léinn a úsáideann téacsáil ar bhealach mí-oiriúnach, beag beann ar theorainneacha ná ar chonradh. Ní hionann seo agus fiúntas an téacsála a cheistiú i gcomhthéacsanna áirithe, mar shampla coinnithe a shocrú nó a chur ar ceal

3.5 Bagairtí don slándáil

Tarlaíonn bagairtí slándála de ghnáth nuair a bhaintear úsáid as crua-earra nó bogearra míchuí, nuair a tharlaíonn teipeanna teiceolaíochta, mí-iompar na ndaoine a bhíonn páirteach, nó ionsá ó thríú páirtithe. I measc na n-ionsánna, d'fhéadfadh go mbeadh[2]:

IONSÁ FISICIÚIL ag tús agus deireadh na cumarsáide, mar shampla má éisteann duine a bhíonn i láthair lena mbíonn á rá gan cead ón duine ar an dtaobh eile den chumarsáid. Is gá don slándáil fhisiciúil dul níos faide ná na seisiúin féin trína dheimhniú go ndéantar na bealaí cumarsáide a chosaint go cuí agus nach bhfágtar iad ar oscailt ionas gur féidir le daoine eile idirbheartaíochtaí reatha a fheiceáil nó stair na gcumarsáidí a chuardach. Tá treoirchomhairleoirí freagrach go díreach as a gcuid de na cumarsáidí a chosaint.

Áirítear, mar chuid de na dea-chleachtais do chosaintí i gcoinne ionsá fisiciúil, faireachais faoi dhaoine a bheith ag éisteacht nó ag faire, cosaint chuí pasfhocail agus criptiúchán sonraí chun ionsá ar threalamh agus ar bhogearraí atá á úsáid a chosaint, agus eolas a thabhairt do mhic léinn faoin mbealach is fearr le hiad fein a chosaint.

IONSÁ LEICTREONACH ó thríú páirtithe a tharlaíonn de ghnáth mar thoradh ar:

- modhanna cumarsáide neamhshlána lna n-áirítear Wi-Fi gan chosaint
- ballaí dóiteáin agus cosaint ar víris nach leor in úsáid ag aon cheann de dhá thaobh na cumarsáide
- tríú páirtithe ag gabháil thar na córais shlándála, b'fhéidir le hearraí spiaireachta nó le bristeoirí cód, go mb'fhéidir gur féidir teacht orthu go héasca ar an idirlíon.

I measc na ndea-chleachtas do chosaintí i gcoinne ionsá ó thríú páirtithe tá:
cosaint chuí ar phasfhocail agus ar chriptiúchán do na seirbhísí atá á sholáthar, ballaí dóiteáin a uasdátú go rialta, cosaint i gcoinne víris nó córais shlándála eile a oireann agus eolas cuí a sholáthar d'úsáideoirí na seirbhíse chun cuidiú leo a dtaobh den chumarsáid a chosaint.

---

[2] Dréacht as: Good Practice in Action 047 Fact Sheet: Working Online in the Counselling
Professions foilsithe ag an British Association for Counselling and Psychotherapy,

IONSÁ LEICTREONACH ÓN SOLÁTHRÓIR CUMARSÁIDE AR LÍNE nach féidir a sheachaint in amanna nuair a bhíonn aon chineál ardáin nó feidhmchláir in úsáid a chruthaíonn deis cumarsáide ar líne. Tá an-éagsúlacht áfach sa tslí ina mbíonn ionsá ó sholáthróirí na seirbhísí ar líne agus digiteacha ar chumarsáidí a bhíonn acu, ar an úinéireacht a ghlacann siad ar an chumarsáid a tharlaíonn agus ar a mhéid agus a dhéanann siad príobháideacht a gcumarsáidí a chosaint.

I measc na gcumhdach dea-chleachtais i gcoinne briseadh isteach leictreonach ar an soláthróir cumarsáide ar líne, áirítear:

- soláthróirí agus ardáin leictreonacha a úsáid a shásaíonn na caighdeáin phríobháideachta agus cháilíochta go háirithe nuair a bhíonn siad ag obair le heolas pearsanta íogair
- téarmaí agus coinníollacha théarmaí chonradh an soláthróra a sheiceáil go cúramach lena dheimhniú go bhfuil siad oiriúnach don chineál seirbhíse atá á sholáthar
- roghanna eile atá níos sláine a sholáthar do mhic léinn más indéanta a leithéid
- coinneáil go dáta le forbairtí nua chun príobháideacht, sláine agus iontafacht an mhodh cumarsáide atá roghnaithe a fheabhsú. 4. Cleachtas Idirdhlínsiúil: Cóid ghairmiúla agus dlithe

4. Cleachtas Idirdhlínsiúil: Cóid ghairmiúla agus dlithe

4.1 Caighdeáin chuí sa chleachtas do mhic léinn a fhilleann ar chontaetha agus ar thíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann

Ní bhíonn cónaí i gcónaí ar mhic léinn sa dlínse tíreolaíoch céanna leis an treoirchomhairleoir. Tá roinnt mac léinn (agus múinteoirí) nach bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na hÉireann agus d'fhéadfadh go dtrasnaíonn siad teorainn an AE chun freastal ar scoil, agus tá mic léinn eile go mb'fhéidir go mbíonn cónaí orthu de ghnáth i dtír eile ach atá ag freastal ar scoileanna cónaithe in Éirinn. D'fhéadfadh go bhfuil an scoil á rochtain anois ag na mic léinn seo go cianda ó dhlínse eile.

Beag beann ar an suíomh, is cóir do threoirchomhairleoirí cloí agus seasamh leis an gcaighdeán cleachtais a éilíonn a n-eagraíocht ghairmiúil féin.

Mar aon leis sin, is cóir mic léinn a bhfuil cónaí orthu lasmuigh de dhlínse an treoirchomhairleora a chur ar an eolas faoi na caighdeáin agus na cóid chleachtais seo. Is cóir do threoirchomhairleoirí na riachtanais agus na rialacha reachtúla a bhaineann leis an dlínse ar leith inar mian leo tacaíocht ar líne a sholáthar do mhic léinn a athbhreithniú agus a thuiscint.

Díríonn Cuid 2 ar na sonraí is cóir a bheith ag mac léinn laistigh de chonradh agus clúdaíonn sé aird a thabhairt ar an áit ina bhfuil an tacaíocht ag tarlú agus an dlí ábhartha a bhaineann leis sin. D'fhéadfadh go mbeadh tuairimí éagsúla faoin bpointe soláthair seachas an pointe seachadta.

Thairis sin, Tá sé leagtha síos ag roinnt dlínsí nach bhfuil tacaíocht ar líne dlithiúil muna mbíonn an mac léinn agus an treoirchomhairleoir araon i láthair go fisiciúil laistigh de theorainneacha an stáit.

Toisc go bhfuil difríochtaí sna riachtanais don tacaíocht ar líne, caithfidh treoirchomhairleoirí a bheith san airdeall de shíor faoi aon dlithe agus rialcháin ábhartha a bhaineann go sonrach le réimsí ar leith. Mar aon leis sin, is cóir do threoirchomhairleoirí a chinntiú go gcomhlíonann siad na riachtanais nó na coinníollacha dlithiúla i gceantair lasmuigh dá ndlínsí féin ina bhfuil sé i gceist acu a bheith ag obair. Chuige seo, beidh gá le roinnt taighde ar na dlithe atá i gceist agus d'fhéadfadh go mbeadh gá (i gcásanna áirithe) le comhairle dlithiúil chun cosaint bhreise a bheith ar fáil. Is cóir do bhainistíocht na scoile an cheist a mheas de réir mar a bhaineann sé leis an scoil acu féin agus comhairle a chur dá réir ar an bhfoireann agus ar na mic léinn.

4.2 Árachas slánaíochta gairmiúil

Is gá do bhainisteoirí scoileanna a sheiceáil go gclúdaíonn árachas slánaíochta gairmiúil na scoile baill foirne ar mian leo a bheith ag obair ar líne le soláthar cianthacaíochta 1:1, agus go gclúdaíonn sé dlínsí ábhartha agus na rialacha atá ag baint leis na dlínsí seo.

Níl gach gníomhaireacht árachais a sholáthraíonn árachas do thacaíocht duine le duine sásta an t-árachas sin a shíneadh chomh fada le cleachtas ar líne, rud a chiallaíonn gur chóir do threoirchomhairleoirí é seo a shoiléiriú le bainistíocht na scoile sula dtosaítear ar an gcineál seo cleachtais. Beidh coinníollacha árachais ar leith luaite ag a lán gníomhaireachtaí árachais ar gá iad seo a shásamh sula mbronntar árachas don obair ar líne le mic léinn. D'fhéadfadh treoirchomhairleoirí agus múinteoirí eile a bhíonn gafa sa chiantacaíocht a bheith faoi réir ag rialacha agus dlithe i ndlínse an mhic léinn mar aon leis an dlínse lena mbaineann siad féin.

5. RGCS – An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

5.1 Rioscaí agus sárú a d'fhéadfadh tarlú

Caithfidh treoirchomhairleoirí a sholáthraíonn seirbhísí treoirchomhairleoireachta ar líne do mhic léinn, do dhaoine aonair nó do ghrúpaí, rúndacht a chosaint agus a chothabháil, go háirithe ó thaobh sonraí agus eolas a bhaineann leo. Is riachtanas eiticiúil é seo i ngach modh tacaíochta ach tá tábhacht ar leith ag baint leis san obair ar líne. Tá an-leochaileacht ó thaobh sáruithe rúndachta ag baint leis an modh oibre seo agus is ga do threoirchomhairleoirí a bheith eolasach go maith faoi na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do rúndacht sula n-úsáidtear teicneolaíocht ar líne.

Ní féidir le treoirchomhairleoirí teacht ar an eolas seo ach ó réamh-oiliúint. Is féidir tuilleadh eolais faoi chosaint sonraí a fháil ach dul i gcomhairle le saineolaithe teicneolaíochta agus cosaint sonraí sa réimse seo. Féach na naisc éagsúla chun tuilleadh eolais a fháil.

D'fhéadfadh rioscaí don rúndacht tarlú nuair a bhíonn innill chuardaigh in úsáid agus nuair a bhíonn páirt á ghlacadh i láithreáin líonraithe shóisialta. Caithfidh treoirchomhairleoirí a thuiscint gur féidir leis an tríú páirtí, nó aon duine (gaolta san áireamh) a bhfuil an cumas acu, teacht ar a ríomhaire pearsanta agus briseadh isteach ar aon eolas ar an idirlíon ag aon am.

Caithfidh treoirchomhairleoirí a chur in iúl dá mac léinn faoi theorainneacha na rúndachta, lena n-áirítear an baol a bhaineann le rochtain, nó nochtadh, ar eolas rúnda a d'fhéadfadh tarlú le linn soláthar seirbhíse. Áirítear anseo an baol briseadh isteach ar ghlaochanna gutháin nó ar ríomhphoist nuair a bhíonn an treoirchomhairleoir nó an mac léinn i dteagmháil ar aon cheann de na meáin seo.

Bíonn feitheoireacht ar líne mar réimse leochaileach eile maidir le rúndacht a chailliúint nuair nach ndéantar sonraí agus eolas atá stóráilte a chosaint go cuí. Is cóir do treoirchomhairleoirí a bheith eolach ar dhlí na hÉireann faoi chosaint sonraí: tá sé seo mar chuid den chreat iomlán don Aontas Eorpach dar teideal An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a tháinig i bhfeidhm ar fud an AE ar 25 Bealtaine 2018.

Tá treoirlínte agus seimineár gréasáin forbartha ag LNTO a phléann le *Cosaint Sonraí don Treoirchomhairleoir (RGCS)* a chlúdaíonn comhlíontacht leis an reachtaíocht um chosaint sonraí.

https://www.ncge.ie/covid-19/support/post-primary/resources

5.2 Rúndacht agus cumhdaigh shlándála

Ní mór do threoirchomhairleoirí atá ag obair ar líne machnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr le hobair go slán ionas nach gcuirtear an rúndacht i mbaol. Tá rúndacht an mhic léinn ar líne chomh tábhachtach céanna le comhairliúcháin aghaidh ar aghaidh le mic léinn. Clúdaíonn na treoirlínte céanna mic léinn ar líne atá i mbaol, nó iad siúd atá i suíomhanna géarchéime, agus iad siúd a bhfuil tacaíocht aghaidh ar aghaidh á fháil acu.

Caithfidh treoirchomhairleoirí mic léinn a chur ar an eolas go bhféadfadh nochtadh eolais a bheith i gceist i gcásanna áirithe, nuair a bhítear ag obair leo ar líne. Is cóir mic léinn a chur ar an eolas freisin, agus dul i gcomhairle leo, má bhíonn ábhar cáis in úsáid don fheitheoireacht nó do thaighde. Tá roinnt pointí eile a bhaineann le rúndacht an mhic léinn agus sonraí ar líne, lena n-áirítear:

• Caithfidh treoirchomhairleoirí taifid leictreonacha agus páipéir a choinneáil de réir mar a bhaineann le gnáthpholasaí na scoile

• Is cóir eolas a thabhairt do mhic léinn faoin tslí ina ndéantar taifid a stóráil agus a chosaint go leictreonach

• Is cóir do threoirchomhairleoirí a mheas an bhfuil aon mhac léinn ar an eolas faoi aon tríú páirtí a mbeadh fonn air/uirthi/orthu teacht trasna ar a gcumarsáid, agus tarchur a shocrú más gá

• Is cóir a iarradh ar mhic léinn faoi rochtain ar a ríomhaire agus foláireamh a thabhairt dóibh go bhféadfaí sláine a chur i mbaol má bhíonn ríomhaire oibre, leabharlainne nó cybercafé in úsáid acu

• Is cóir criptiúchán agus bearta slándála eile a chur ar thaifid más féidir

• Is cóir cosaint pasfhocail a bheith i bhfeidhm agus í a athrú go rialta ionas go ndéantar an rochtain ar theachtaireachtaí leictreonacha ar líne a chosaint. Tá cosaint pasfhocail thar a bheith tábhachtach nuair a bhíonn ceangaltáin ríomhphoist á oscailt agus nuair a bhíonn fillteáin agus doiciméid á rochtain a choimeádtar ar ríomhaire agus ar chórais ar líne.

• Is cóir do threoirchomhairleoirí a bhfuil amhras orthu faoin slándáil cúnamh gairmiúil ábhartha a fháil chun córais ar líne a chruthú agus a chothabhail a bhfuil gá leo do rúndacht na mac léinn

• Tá córais ar leith i bhfeidhm ag scoileanna chun sonraí mac léinn a choinneáil agus a chosaint. Is cóir do threoirchomhairleoirí atá fostaithe ag scoileanna cloí le sainriachtanais na scoile

• Is cóir do láithreáin ghréasáin na sonraí polasaí atá acu faoi bhearta slándála atá i bhfeidhm a fhoilsiú, mar aon le haon chúinsí ina bhféadfaí sonraí a roinnt nó a nochtadh

• Is cóir do threoirchomhairleoirí a sheiceáil go rialta go bhfuil na naisc leictreonacha ag obair agus oiriúnach don úsáid ghairmiúil

• Is cóir aon ábhar rúnda atá i bprionta, lena n-áirítear ríomhphoist agus eolas ar mhic léinn, a stóráil go slán ar aon dul leis na bearta slándála do nótaí duine le duine an mhic léinn

Tá acmhainní ar líne ar fáil ón LNTO chun tacú le treoirchomhairleoirí agus scoileanna le *Teimpléid don Taifead ar Chruinnithe Treoirchomhairleoireachta Duine-le-Duine le Mic Léinn*, do sheisiúin treorach oideachais, gairme agus pearsanta 1:1

https://www.ncge.ie/covid-19/support/post-primary/resources

Conclúid

Le bheith lán-eolasach faoin tábhacht a bhaineann le rúndacht na mac léinn a choinneáil, is cóir do chomhairleoirí a bheith ar an eolas faoi aon impleachtaí níos leithne a mbíonn tionchar acu ar a gcuid oibre, go háirithe i gcás na féidearthachta a bhaineann le heolas mac léinn a rochtain ón dtaobh amuigh.

Éilíonn An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 ar Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus ar chomhlachtaí eile eolas áirithe a bhaineann lena ngníomhaíochtaí a fhoilsiú, agus an t-eolas atá ina seilbh, eolas pearsanta san áireamh, a chur ar fáil do shaoránaigh.

Caithfear a chur san áireamh maidir leis an tacaíocht ar líne go bhfuil dualgais reachtúla ar threoirchomhairleoirí, mar a bhaineann le modhanna tacaíochta níos traidisiúnta, tras-scríbhinní dá gcumarsáid le mic léinn a chur faoi bhráid na cúirte, i gcúinsí ina n-eilítear a leithéid de réir dlí.

Ciallaíonn na gnéithe seo go gcaithfidh treoirchomhairleoirí ar líne cúram ar leith a ghlacadh agus a bheith go mór san airdeall nuair a bhíonn ciantheicneolaíocht in úsáid acu agus iad ag obair le mic léinn. Bíonn an aird bhreise seo ríthábhachtach nuair a bhíonn eolas rúnda faoi mhic léinn á stóráil agus á chothabháil.

Tagairtí agus naisc úsáideacha

Rinneadh na treoirlínte seo a oiriúnú ó, agus tógadh dréachtaí as, treoirlínte Chumann na hÉireann um Chomhairleoireacht agus um Shíciteiripe (IACP) - *IACP Recommended Approach for Online Counselling and Psychotherapy* Cumann na hÉireann um Chomhairleoireacht agus um Shíciteiripe

Sleachta ó: Good Practice in Action 047 Fact Sheet: *Working Online in the Counselling Professions* foilsithe ag an British Association for Counselling and Psychotherapy,

Anthony, K., & Nagel, D. M. (2010). Therapy Online: A Practical Guide. London: Sage Publications

Evans, J. (2009). Online Counselling and Guidance Skills: A Practical Resource for Trainees and Guidance Counsellors. London: Sage Publications.

International Society for Mental Health Online (2014) Ar fáil ag: www. ismho.org

Cód Eitice Institiúid na dTreoirchomhairleoirí http://www.igc.ie/

Cumann na hÉireann um Chomhairleoireacht agus um Shíciteiripe (IACP). (2014). Code of Ethics and Practice for Counsellors/Psychotherapists. Dublin: IACP.

SNSO https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/NEPS-Home-Page.html

FSS – cúnamh éigeandála i gcás ghéarchéime https://www.hse.ie/eng/services/list/4/mental-health-services/connecting-for-life/urgent-help/

https://www2.hse.ie/services/mental-health/services-search/

An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (LNTO/NCGE) – Eolas Tacaíochta ó LNTO do Threoirchomhairleoirí i Scoileanna, AIBREÁN 2020, (Dúntaí Scoileanna Covid-19 2020) https://www.ncge.ie/covid-19/support

Eolas Mhuineachán d'Fheitheoirí https://www.ncge.ie/school-guidance-handbook/supervision-information-supervisors-and-guidance-counsellors

CareersPortal https://careersportal.ie/

Solas | Learning Works https://www.solas.ie/

Qualifax https://www.qualifax.ie/